

AONAD A DÓ

IMEACHTAÍ AN LAE



San Aonad seo cuirfear ar do chumas:

- leithscéal a dhéanamh agus glacadh le leithscéal
- frustrachas a léiriú
- iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh
- tuairisciú
- deimhniú a lorg agus deimhniú a thabhairt
- ceisteanna a chur agus a fhreagairt
- comhbhrón a dhéanamh.

COMHRÁ

Is cairde iad Cormac agus Triona. Buailéann siad lena chéile (*They meet each other*) gach tráthnóna Sathairn.

Cormac: Tá an-bhrón orm go bhfuilim déanach.
I am very sorry I'm late.

Triona: Tá sé ceart go leor. Tóg go bog é!
It's alright. Take it easy!

Cormac: A leithéid de lá! Níl a fhios agam cá n-imíonn an t-am. Bíonn sé mar seo gach Sathairn.
What a day! I do not know where the time goes. It's like this every Saturday.

Triona: Suigh síos ansin agus inis dom faoi. Ach éist! Bíodh deoch agat ar dtús. Is túisce deoch ná scéal . . . A bhuachaill! Uisce do mo chara agus jin agus uisce sóide domsa . . . Anois, a Chormaic. Lean ort!
Sit down there and tell me about it. But listen! Have a drink first. A drink comes before a story . . . Boy! Water for my friend and a gin and tonic for me...Now Cormac. Continue on.

Cormac: Bhuel! D'éirigh mé ar a naoi a chlog mar a dhéanaim gach Sathairn. Tar éis mo bhricfeasta thosaigh mé ag glanadh na cistine ach ghlaigh Sinéad agus chuaigh mé ag imirt galf dhá mhaide léi.
Well! I got up at nine o'clock as I do every Saturday. After my breakfast I started cleaning the kitchen but Sinéad called and I went playing pitch and putt with her.

Triona: Ach níor mhair an galf dhá mhaide rófhada, ar mhair?
But the pitch and putt didn't last long, did it?

Cormac: Níor mhair. Bhí lón againn ansin agus ar mo bhealach abhaile chuaigh mé go dtí an t-ollmhargadh ach ní raibh mo chárta airgeadais agam.
It didn't. We had lunch then and on my way home I went to the supermarket but I didn't have my bank card.

Triona: Céard a rinne tú?
What did you do?

Cormac: Chuaigh mé abhaile chun é a fháil ach cé a tháinig nuair a chuaigh mé abhaile ach mo dheartháir, Mícheál. Shuíomar síos le haghaidh cappuccino agus an chéad rud eile bhí sé a sé a chlog.
I went home to get it but who came, when I went home but my brother, Mícheál. We sat down for a capuccino and the next thing, it was six o'clock.

Tríona: Agus ansin bhí ort réiteach le bualadh liomsa. Ó! A Chormaic! Bhí lá uafásach agat!
And then you had to get ready to meet up with me. Oh! Cormac! You had a terrible day!

Cormac: Bhí. Agus níl faic déanta. Níl an teach glanta. Tá an gluasteán salach, níl an féar bainte agus níl aon siopadóireacht déanta fós. Cén sórt lae a bhí agat féin?
I had. And nothing has been done. The house hasn't been cleaned. The car is dirty, the grass hasn't been cut and no shopping has been done yet. What kind of day did you have yourself?

Tríona: Bhuell! Níor éirigh mé go dtí a deich. D'imir mé cluiche gailf ansin le Caitríona ach bhí bricfeasta againn sa chlubtheach ar dtús.
Well! I didn't get up until ten. I played a game of golf then with Caitríona but we had breakfast first in the clubhouse.

Cormac: Agus ina dhiaidh sin?
And after that?

Tríona: Ina dhiaidh sin, chuaigh mé go dtí an gruagaire agus ar mo bhealach abhaile cheannaigh mé an gúna seo. Céard a cheapann tú faoi?
After that, I went to the hairdresser and on my way home I bought this dress. What do you think of it?

Cormac: A Thríona! Conas a dhéanann tú é?
Tríona! How do you do it?

Tríona: Tá sé an-éasca, a Chormaic. Tá fear céile iontach agam.
It's very easy, Cormac. I have a wonderful husband.

FOCLÓIR LE FOGHLAIM

Tá brón/áthas/fearg/eagla orm.-
*I am sad (sorry)/ happy/
cross/afraid.*

Tá an-bhrón orm. - *I am very
sorry.*
déanach - *late*

luath - *early*
Is túsce deoch ná scéal. - *Drink comes before a story.*
jin agus uisce sóide - *(a) gin and tonic*

ar maidin - in the morning/this morning

Éirigh! - *Get up!*
éirim - *I get up*
d'éirigh mé - *I got up*
d'éirigh liom - *I succeeded*
gléasaim mé féin - *I dress myself*
ghléas mé mé féin - *I dressed myself*
ním mé féin - *I wash myself*
nigh mé mé féin - *I washed myself*
triomaím - *I dry*
thriomaigh mé - *I dried*
ithim - *I eat*
d'ith mé - *I ate*
glanaim - *I clean*
ghlan mé - *I cleaned*
ag glanadh - *cleaning*
Tá an chistin glanta. - *The kitchen has been cleaned.*

caitheamh aimsire - pastimes

imrím - *I play*
d'imir mé - *I played*
ag imirt gailf - *playing golf*
ag seinm ceoil - *playing music*
ag súgradh le bréagán - *playing with a toy*
cluiche gailf - *(a) game of golf*
galf dhá mhaide - *pitch and putt*
club - *(a) club*
teach - *(a) house*
clubtheach - *(a) clubhouse*
níor mhair sé - *it didn't last*

siopadóireacht - shopping

mo bhealach - *my way*
mo shlí - *my way*

an t-ollmhargadh - *the supermarket*
airgead - *money*
airgeadas - *finance*
cárta airgeadais - *(a) bank (finance) card*

mo dheartháir - *my brother*
mo dheirfiúr - *my sister*
Suigh! - *Sit!*
suím - *I sit*
shuigh mé - *I sat*
Réitigh! - *Prepare!/Get ready!*
ag réiteach - *preparing/getting ready*
bhí ort réiteach - *you had to prepare/get ready*
buail - *hit*
buail le - *meet*

faic - *nothing*
Níl faic déanta. - *Nothing has been done.*
Níl an teach glanta. - *The house hasn't been cleaned.*
Níl an féar bainte. - *The grass hasn't been cut.*
Níl an tsiopadóireacht déanta. - *The shopping hasn't been done.*

gruaig - *hair*
gruagaire - *(a) hairdresser*
gúna - *(a) dress*
éasca - *easy*
deacair - *difficult*
fear céile - *(a) husband*
bean chéile - *(a) wife*

fógra - *(an) advertisement*
sa siopa áitiúil - *in the local shop*
freagra - *(a) reply / (an) answer*
Inis. - *Tell.*
Inis dom faoi. - *Tell me about it.*
socrú - *(an) arrangement*

iontach - *wonderful*
glao - *(a) call*
mí ó shin - *a month ago*
eochair - *(a) key*
Tar! - *Come!*
tagann sí - *she comes*
Imigh! - *Go!*
imíonn sí - *she goes*
bun - *bottom*
ó bhun go barr - *from top to bottom*
ag iarnáil - *ironing*
an iarnáil - *the ironing*
daor - *dear*

saor - *cheap*
Tabhair. - *Give.*
tugaim - *I give*
Fág. - *Leave.*
fágaim - *I leave*
an chistin - *the kitchen*
ar bhord na cistine - *on the kitchen table*
sásta - *satisfied*
lánsásta - *fully satisfied*
míshásta - *dissatisfied*
Is féidir brath uirthi. - *You can depend on her.*

AISTRIGH GO GAELIGE

Colm: *Did you put up that advertisement in the local shop?*

Liam: *Yes, I did and I got a reply.*

Colm: *Tell me about it.*

Liam: *I got a call from a woman and she started a month ago. She has a key for the house. She comes every Friday at ten o'clock and goes again at two. She cleans the house from top to bottom.*

Colm: *And does she do anything else?*

Liam: *She does the ironing.*

Colm: *Is she dear?*

Liam: *I give her seventy euro every week. I leave it on the kitchen table for her.*

Colm: *Are you satisfied with the arrangement, so?*

Liam: *Fully satisfied. It is wonderful to come home to a clean house. You can depend on her and she is a very nice person.*

FREAGRAÍ

Colm: Ar chuir tú an fógra sin suas sa siopa áitiúil?

Liam: Chuir agus fuair mé freagra.

Colm: Inis dom faoi.

Liam: Fuair mé glao ó bhean agus thosaigh sí mí ó shin. Tá eochair aici don teach. Tagann sí gach Aoine ar a deich a chlog agus imíonn sí arís ar a dó. Glanann sí an teach ó bhun go barr.

Colm: Agus an ndéanann sí aon rud eile?

Liam: Déanann sí an iarnáil.

Colm: An bhfuil sí daor?

Liam: Tugaim seachtó euro di gach seachtain. Fágaim di é ar bhord na cistine.

Colm: An bhfuil tú sásta leis an socrú, mar sin?

Liam: Lánsásta. Tá sé go hiontach teacht abhaile chuig teach glan. Is féidir brath uirthi agus is duine an-deas í.

GRAMADACH

An Aidiacht Bhriathartha

The Past Participle

Is aidiacht í an aidiacht bhriathartha atá déanta as briathar. Cuireann sí staid ruda nó dhuine in iúl.

The past participle is an adjective made from a verb. It conveys the state of a thing or person.

Mar shampla: Níl an teach glanta. *The house isn't cleaned.*
Tá a leabhar dearmadta ag Seán. *John has forgotten his book.*

múin - múinte

bris - briste

ith - ite

rith - rite

caith - caite

báigh - báite

imigh - imithe

bailigh - bailithe

ceannaigh - ceannaithe

críochnaigh - críochnaithe

gortaigh - gortaithe

maisigh - maisithe

glan - glanta

déan - déanta

dún - dúnta

díol - díolta

gléas - gléasta

dearmad - dearmadta

tóg - tógtha

tabhair - tugtha

scuab - scuabtha

cíos - cíortha

gearr - gearrtha

fág - fágtha

Bain amach na lúibíní agus scríobh amach na habairtí i gceart.

1. Bhí an teach (glan) agus an t-urlár (scuab).

2. Ní raibh Niamh in ann imirt sa chluiche mar bhí glúin léi (gearr) agus bhí lámh léi (gortaigh).

3. Nuair a shroich Liam an siopa ní raibh aon nuachtán (fág) ann. Bhí siad go léir (díol).

4. Nuair a bhí an ceacht (múin) agus na cóipleabhair (bailigh), bhí sé in am na páistí a ligean amach.

5. Bhí a lón (ith) ag Tomás ach bhí a bhosca lóin (fág) ar an deasc aige.

6. Nuair a bhí a hobair bhaile (críochnaigh) ag Aisling agus a dinnéar (ith) aici, chuaigh sí amach ag rothaíocht.

7. Bhí an crann Nollag (maisigh) go hálainn agus bhí duine éigin sa chúinne, (gléas) mar Dhaidí na Nollag.

8. Nuair a tháinig an Garda go dtí an scoil, bhí an scoil (dún) agus bhí na páistí go léir (imigh).

9. Ar a leathuair tar éis a dó, bhí obair an lae (déan) ag an múinteoir agus bhí an obair bhaile (tabhair) do na páistí.

10. Bhí a bhricfeasta (ith) ag Cormac agus bhí a chuid gruaige (cíor) aige.

FREAGRAÍ

1. Bhí an teach glanta agus an t-urlár scuabtha.

2. Ní raibh Niamh in ann imirt sa chluiche mar bhí glúin léi gearrtha agus bhí lámh léi gortaithe.

3. Nuair a shroich Liam an siopa ní raibh aon nuachtán fágtha ann. Bhí siad go léir díolta.

4. Nuair a bhí an ceacht múinte agus na cóipleabhair bailithe, bhí sé in am na páistí a ligean amach.
5. Bhí a lón ite ag Tomás ach bhí a bhosca lóin fágtha ar an deasc aige.
6. Nuair a bhí a hobair bhaile críochnaithe ag Aisling agus a dinnéar ite aici, chuaigh sí amach ag rothaíocht.
7. Bhí an crann Nollag maisithe go hálainn agus bhí duine éigin sa chúinne, gléasta mar Dhaidí na Nollag.
8. Nuair a tháinig an Garda go dtí an scoil, bhí an scoil dúnta agus bhí na páistí go léir imithe.
9. Ar a leathuair tar éis a dó, bhí obair an lae déanta ag an múinteoir agus bhí an obair bhaile tugtha do na páistí.
10. Bhí a bhriceasta ite ag Cormac agus bhí a chuid gruaige cíortha aige.

SEANFHOCAIL LE FOGHLAIM

Múineann gá seift.

gá = need, necessity; seift = device.

Necessity teaches (the person) a device. Necessity is the mother of invention.

Nuair a bhíonn gá le rud éigin, cruthaíonn an gá (the necessity creates) an rud atá ag teastáil (the thing that is needed).

An té nach bhfuil láidir ní mór dó a bheith glic.

an té = the person; láidir = strong; ní mór dó = he needs to be; glic = smart, clever.

The person who isn't strong, needs to be clever.

An duine atá lag (weak), caithfidh sé a bheith cliste (clever).

Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

scáth = shadow; ar scáth a chéile = under each other's shadow.

People live under each other's shadow/wing. People depend on each other.

Man is a social animal. No man is an island.

Braitheann daoine (people depend) ar a chéile (on each other).

Níl luibh ná leigheas in aghaidh an bháis.

luibh = herb; leigheas = cure, medicine; in aghaidh an bháis = against death.

There is neither a herb nor a cure for death. Death is inevitable.

Faigheann gach duine bás.

Cleachtadh a dhéanann máistreacht.

cleachtadh = practice; máistreacht = mastery.

Practice makes mastery. Practice makes perfect.

Má dhéanann tú cleachtadh ar rud éigin, beidh tú ar fheabhas (excellent) ag an rud sin.

Nuair is cruá don chailleach caithfidh sí rith.

cruá = hard, difficult; cailleach = old woman, witch.

When a person is put to the pin of his/her collar, he/she has no choice but to act.

Nuair nach mbíonn rogha (choice) ag an duine, caithfidh an duine rud éigin a dhéanamh.

Is fearr rith maith ná drochsheasamh.

rith = run, to run; drochsheasamh = a bad stand.

It is better to run than to make a bad stand. It is better to run away than to take a stand, to fight and to lose.

Is fearr rith ná troid (fight), agus an troid a chailleadh.

An té a bhfuil long agus seol aige gheobhaidh sé cóir.

an té = an duine; long = ship; seol = sail; gheobhaidh sé = he will get; cóir (ghaoithe) = a favourable wind.

He who has a ship and a sail will get a favourable wind. He who is prepared for work, will get work.

An duine atá réidh chun obair a dhéanamh, gheobhaidh an duine sin obair.



Cleachtadh a dhéanann máistreacht.

LOGAINMNEACHA

CNOC

Ainm Gaeilge

Ainm Béarla

Míniú

Cnoc Mór

Knockmore

the big hill
cnoc = (a) hill
mór = big

Cnoc Beag

Knockbeg

the little hill
beag = small

Cnoc Mhuire

Knock

the hill of Muire

Cnoc an Chrocaire

Knockcroghery

the hangman's hill
crocaire =
hangman

Cnoc Álainn

Knockallen

the lovely hill
álainn= lovely,
beautiful



